Fios Foghlama- Cor Poist ón nGaelAonad Bunscoile – Aibreán 2025

Gaoth an tSonais chugaibh,
Tá súil againn gur bhain sibh uile taitneamh nach beag as imeachtaí Sheachtain na Gaeilge le déanaí. Agus an Cháisc agus laethanta saoire na Cásca ag teannadh linn, theastaigh uainn cúpla scéal agus roinnt acmhainní a roinnt libh.

Beannachtaí na Cásca oraibh,
Ó Fhoireann Bhunscoile an GhaelAonaid

Leabhar na Míosa:

An Sicín Beag Buí (J. Lawrence aistrithe go Gaeilge ag S. Ó Murchú)

Leabhar rímeanna do pháistí ina múintear glór na n-ainmhithe dóibh
'An Sicín Beag Buí' á léamh ag Donach (Glór na nGael)
https://youtu.be/INoih_LcPUk?si=aZFYJ9VwwHE7kjKo
nó éist leis an gclosleabhar (Foras na Gaeilge)
https://soundcloud.com/forasnagaeilge/an-sicin-beag-bui?in=forasnagaeilge%2Fsets%2Fan-gum-1

Ealaín na Cásca

Uibheacha Cásca (Gaeloideachas)

Taispeántar dúinn conas uibheacha Cásca a dhéanamh as blaoscanna agus iad a mhaisiú le crochadh ar chrann
https://www.youtube.com/watch?v=Dwh4pdV3J_4

Sicín Cásca (Glór na nGael)

Déan Sicín Cásca a phéinteáil le forc in éineacht le Pádraig
https://www.youtube.com/watch?v=-wc3WOONv0w

Acmhainní eile don Cháisc:

- Padlet Máire Nic an Rí le hacmhainní atá oiriúnach do gach aoisghrúpa : https://padlet.com/maire8/an-ch-isc-eqz5g0lnfceg8w0m
- Taisce Tuisceana: Coinín na Cásca https://www.cogg.ie/wp-content/uploads/18.Coin%C3%83%C2%ADn-na-C%C3%83%C2%A1sca-asal.pdf
- Biongó na Cásca (Gaelbhratach) https://drive.google.com/file/d/1AuMnrHhyeY7PHaK80ULWEpggLh0qfjp4/view?usp=drive_link

Tíreolas/Eolaíocht na Cásca

Cad as a dtagann ár seacláid?
Cur i láthair faoi chócó, seacláid agus cóirthrádáil
https://www.forasnagaeilge.ie/angum/feach-thart-rang-6-tireolaiocht/

Oideas na Cásca: Carraigeán

Is féidir seacláid fágtha ó uibheacha Cásca nó barraí seacláide a úsáid don oideas álainn seo chun do Charraigeán (Rocky Road) blasta féin a dhéanamh.
Oideas faighte ó Mofoodblog (Diarmuid Ó Mathúna)
https://www.mofoodblog.com/blog/2017/7/19/carrigean-rr53y

Amhrán: Uibheacha Cásca

(Gaelbhratach ó Phicnic Téidí le Sadhbh Rosenstock)
Bainigí sult as amhrán faoi Thoraíocht Uibhe
https://www.youtube.com/watch?v=d5ABcoajM8g&list=PLxYB1B_iMfL7LPAHWLQ8PRCpcvPPMT3Lt&index=11

Stair: Ubh Aoine an Chéasta

Faisnéiseoir: Róis Bean Uí Mhongáin,Maigh Bhealaigh, Co Chill Dara ó Bhailiúchán na Scol, www.duchas.ie

Le linn a hóige do thugtaí ubh Aoine an Chéasta ar aon ubh a bheireadh cearc Aoine an Chéasta. Do chuireadh muintir an tí na huibheacha sin i leataobh go cúramach. Uair éigin tar éis na meánoíche maidin Dhomhnach Cásca d'éiríodh muintir an tí agus bheirídís na huibheacha sin agus d'ithidís iad.
Dá mba rud nach mbeadh acu ach an t-aon ubh amháin do bheirídís í agus do dheinidís í a roinnt ar na daoine a bheadh i láthair. Dheineadh na huibheacha sin maitheas anama agus coirp do lucht a hite.
Níl tásc na tuairisc ar an sean-nós san anois. Nuair a cailleadh an t-athair is an mháthair níor bhac an chlann leis an nós a thuilleadh. Is mór an trua aon sean-nós a ligint chun báis.



Ionduchtúchán Droichead: Seisiún Eolais do Phríomhoidí

Beidh seisiún eolais (trí Ghaeilge)ar siúl do phríomhoidí ar 29 Bealtaine chun tacú leis an bpróiseas Droichead. Is imeacht dhá uair an chloig ar líne (Zoom) a bheidh ann a bheidh éascaithe ag baill den Fhoireann Ionduchtúcháin Droichead.

An Tábhacht le hInniúlacht Fhisiciúil

Cabhróidh an tEispéireas Foghlama Gairmiúla (EFG) seo le muinín agus inniúlacht an mhúinteora i dteagasc na Litearthachta Fisiciúla a fhorbairt. Beifear ag díriú ar an acmhainn 'Gluais Maith, Gluais go Minic' san EFG lae seo.

Beidh an EFG ar siúl sna hionaid seo a leanas:

6/5/25 Trá Lí
7/5/25 BÁC Thiar
8/5/25 Áth Luain
9/5/25 Gaillimh
12/5/25 Corcaigh
14/5/25 Dún na nGall
15/5/25 Port Láirge

Cláraigí anois: https://oide.ie/ga/muinteoiri/

ncse
An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
National Council for Special Education

Tá an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) i mbun earcaíochta faoi láthair. Tá folúntais fógraithe aici do Chomhairleoirí. Beidh na poist seo lonnaithe ar fud na tíre agus líonfar iad ar bhonn réigiúnach. Féach an nasc chun tuilleadh sonraí a fháil https://ncse.pinpointhq.com